



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Eanáir 2024
(OR. en)

5768/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0019(COD)**

**ECOFIN 82
FIN 75
CODEC 156**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	22 Eanáir 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 42 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le suibscríobh ag an Aontas Eorpach le scaireanna breise i gcaipiteal an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus lena leasaítear an Comhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha a mhéid a bhaineann le leathnú raon feidhme geografach oibríochtaí BEAF chuig an Afraic Fho-Shahárach agus an Iaráic ar bhealach teoranta agus incriminteach, agus lena mbaintear an teorainn chaipitil reachtúil ar ghnáthoibríochtaí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 42 final.

Faoi iamh: COM(2024) 42 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.1.2024
COM(2024) 42 final

2024/0019 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le suibscríobh ag an Aontas Eorpach le scaireanna breise i gcaipiteal an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus lena leasaítear an Comhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha a mhéid a bhaineann le leathnú raon feidhme geografach oibríochtaí BEAF chuig an Afraic Fho-Shahárach agus an Iaráic ar bhealach teoranta agus incriminteach, agus lena mbaintear an teorainn chaipitil reachtúil ar ghnáthoibríochtaí

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Forais agus cuspóirí an togra

Bunaíodh an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) in 1991 chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar margadh- dhírithe i dtíortha i lár agus in iarthar na hEorpa tar éis do na réimis chumannaíocha titim. Bhí an tAontas Eorpach, in éineacht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus 40 tír (lena n-áirítear na Ballstáit uile a bhí san Aontas ag an am), ina gcomhaltaí bunaidh. Faoi láthair¹ is ag 72 tír, ag an Aontas agus ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) atá úinéireacht an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha. Tar éis dá raon feidhme geografach bunaidh a bheith méadaithe 2 uair, tacaíonn BEAF inniu le hinfeistíochtaí i 38 dtír ina mbíonn sé ag oibriú² atá tiomanta do phrionsabail an daonlathais ilpháirtí, an iolrachais agus na heacnamaíochta margaidh agus dá gcur i bhfeidhm, agus é d'aidhm leis sin tionscnaíocht phríobháideach agus fhiontraíoch a fhorbairt³.

Beartaítear leis an gCinneadh atá molta a cheadú don Aontas suibscríobh le haghaidh scaireanna íochta breise in BEAF sa mhéadú caipitil a chinn a Bhord Gobharnóirí an 15 Nollaig 2023 chun a áirithiú go dtacóidh an Banc le hathléimneacht agus atógáil san Úcráin i ndiaidh 2023, agus chun a áirithiú go dtabharfaidh sé tacaíocht leantach sna tíortha uile ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin aistrithe is práinní, i gcomhréir le sainordú agus treo straitéiseach BEAF.

Beartaítear freisin leis an gCinneadh a mholtar leasuithe ar an gComhaontú lena mbunaítear BEAF a fhorghnó (i) a gcumasófar leo méadú teoranta agus incriminteach raon feidhme geografach oibríochtaí BEAF a leathnú chuig an Afraic Fho-Shahárach agus an Iaráic agus (ii) an teorainn chaipitil reachtúil ar ghnáthoibríochtaí a bhaint agus é a chur ar iontaoibh Bhord Stiúrthóirí BEAF aon teorainneacha iomchuí a bhunú agus a choinneáil ar bun maidir le méadracht i leith leordhóthanacht chaipitil.

Leis an gCinneadh a mholtar údaraítear an Gobharnóir a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas in BEAF an ionstraim suibscríbhinne riachtanach a thaisceadh i dtaca le scaireanna nua agus chomh maith leis sin an dearbhú glactha i leith na leasuithe ar an gComhaontú lena mbunaítear BEAF a ndéantar tuairisc orthu thuas a chur in iúl do BEAF.

I ndiaidh Chinneadh 90/674/CEE ón gComhairle⁴ an 19 Samhain 1990 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha d'éirigh an tAontas ina chomhalta de BEAF⁵. Socraíodh caipiteal tosaigh BEAF ag ECU 10 billiún, a raibh 3 % de suibscríofa ag an Aontas.

¹ Ag deireadh 2023

² an Albáin, An Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis (Rochtain ar acmhainní BEAF curtha ar fionraí ó bhí mí an Mhárta 2022 ann), an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, An Éigipt, an Eastóin, an tSeoirsia, an Ghréig, an Ungáir, an Iordáin, an Chasacstáin, an Chosaiv, Poblacht na Círgise, an Laitvia, an Liobáin, an Liotuáin, an Mholdóiv, an Mhongóil, Montainéagró, Maracó, an Mhacadóin Thuaidh, an Pholainn, an Rómáin, an Rúis (níorbh ann d'aon oibríochtaí nua ó bhí 2014 ann agus tá rochtain ar acmhainní BEAF curtha ar fionraí ó bhí mí an Mhárta 2022 ann), an tSeirbia, Poblacht na Slóvaice, an tSlóivéin, an Táidsíceastáin, an Túinéis, an Tuircméanastáin, an Tuirc, an Úcráin, an Úisbéiceastáin

³ De bhun Airteagal 8.3 den Comhaontú lena mbunaítear an BEAF, cuireadh rochtain ar acmhainní BEAF ag Cónaidhm na Rúise agus ag an mBealarúis ar fionraí ón 1 Aibreán 2022.

⁴ IO L 372, 31.12.1990, lch. 1.

⁵ De réir Chinneadh 90/674/CEE ón gComhairle an 19 Samhain 1990, déanann an Coimisiún ionadaíocht ar an Aontas in BEAF.

In 1996, chinn Gobharnóirí BEAF caipiteal údaraithe BEAF a dhúbailt ar shuibscríobh an tAontas 30 000 scair bhreise de EUR 10 000 an ceann ina leith, arbh fhiú caipiteal suibscríofa an Aontais dá thoradh EUR 600 milliún⁶. Coinníodh ar bun sciar an Aontais i gcaipiteal údaraithe iomlán BEAF. Rinneadh suibscríobh na scaireanna breise i ndiaidh Chinneadh 97/135/CE ón gComhairle⁷ a ghlacadh an 17 Feabhra 1997 lena bhforáiltear *‘gurbheart don Chomhphobal Eorpach suibscríobh le haghaidh scaireanna breise mar thoradh ar an gCinneadh chun caipiteal an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha a dhúbailt*. In 2010, chinn BEAF a stoc de chaipiteal údaraithe a mhéadú EUR 10 billiún, méadú arb ionann é agus 100 000 scair íoctha agus 900 000 scair inghlaoite chun caipiteal leordhóthanach a choinneáil ar bun chun leibhéal réasúnta gníomhaíochta a choinneáil ar bun sa mheántearma sna tíortha dá chuid ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige. Shuibscríobh an tAontas dá réir sin do scaireanna breise i ndiaidh Chinneadh 1219/2011/AE a ghlacadh an 16 Samhain 2011⁸.

Le linn Chruinniú Bliantúil na nGobharnóirí dá chuid in Samarkand an 18 Bealtaine 2023, rinne Bord Gobharnóirí BEAF 3 chinneadh straitéiseacha, leana gcuirfear cruth ar thodhchaí BEAF:

Uimhir a haon, ghlac an Bord Gobharnóirí Rún Uimh. 258 ina gcuirtear in iúl go mbeidh gá le tacaíocht bhreise ó na scairshealbhóirí chun a chur ar a chumas do BEAF a mhisean san Úcráin a chomhlíonadh trí thacaíocht leantach a áirithiú i ndiaidh 2023. Bhí an rún mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine i mí Feabhra 2022, a dtacaigh rialtas na Bealarúise leis. Ba é BEAF an infheisteoir institiúideach ba mhó a bhí ag an Úcráin agus bha mhó a bhí tiomanta di mar chomhpháirtí ó bhain an Úcráin neamhspleáchas amach i mí Lúnasa 1991.

Mar gheall ar a shainordú uathúil agus a bhuntáistí comparáideacha, shoiléirigh na scairshealbhóirí nach mór do BEAF leanúint de ról rithábhachtach a bheith aige san iarracht idirnáisiúnta - ag obair i ndlúthchomhar leis an Aontas agus le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais (IFInna) eile - chun tacú le fíorghuilleagar na hÚcráine le linn an chogaidh agus le linn atógáil na hÚcráine i ndiaidh an chogaidh, agus a neart airgeadais á choinneáil ag BEAF ag an am céanna. Dá réir sin tá tacaíocht don Úcráin bunaithe ag an mBord Gobharnóirí mar phríomhthosaíocht BEAF san am atá i láthair agus san am atá le teacht.

Tá sé ráite ag an mBord Gobharnóirí freisin nach mór do BEAF leanúint de thacú leis na tíortha uile ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige. Tá cuid mhaith díobh sin faoi thionchar diúltach an chogaidh i gcónaí, lena n-áirítear iad siúd a ghlacann le dídeanaithe, agus iad siúd a raibh an gilleagar dá gcuid spleách ar an Rúis den chuid is mó.

Tháinig an Bord Gobharnóirí ar an gconclúid freisin gurb é caipiteal íoctha an fhoirm tacaíochta is éifeachtúla ó scairshealbhóirí agus go raibh sé d’aidhm aige cinneadh deiridh a dhéanamh maidir le méid agus uainiú an mhéadaithe ar chaipiteal faoi dheireadh 2023. Tá sé i gceist leis an méadú ar chaipiteal é a chur ar a chumas do BEAF leanúint de thacú leis an Úcráin ach an neart airgeadais féin dá chuid agus a ráta AAA a chosaint chomh maith. Go sonrach, is gá sin a dhéanamh chun leibhéal inbhuanaithe gníomhaíochta le linn cogaidh a áirithiú agus leibhéil arda infheistíochta le linn chéim atógála na hÚcráine.

⁶ Ba de chomhdhéanamh EUR 157.5 mhilliún de chaipiteal íoctha agus EUR 442,5 mhilliún de chaipiteal inghlaoite é an méid sin.

⁷ IO L 57, 26.2.1997, lch. 4.

⁸ IO L 313, 26.11.2011, lch. 1.

Dá réir sin, an 15 Nollaig 2023 ghlac an Bord Gobharnóirí Rún Uimh. 265,⁹ lenar údaraíodh BEAF chun líon a chuid scaireanna a mhéadú de 400 000 scair nua ar EUR 10 000 an ceann, is é sin EUR 4 billiún san iomlán, agus dáta éifeachta an mhéadaithe an 31 Nollaig 2024.

Trí rannpháirtíocht an Aontais sa mhéadú ar chaipiteal áiritheofar go gcoinneoidh an tAontas a sciar díreach de 3 % de chaipiteal suibscríofa iomlán BEAF. Is scairshealbhóirí in BEAF freisin iad BEI (3 %) agus na Ballstáit go haonarach (EU27, ca. 48,4 %), rud a chiallaíonn go bhfuil scairsheilbh thromlaigh chomhcheangailte de 54,4 % ag an Aontas faoi láthair.

Beidh an tAontas in ann suibscríobh ar bhealach comhréireach le haghaidh 12 102 scaireanna nua, beidh parluach EUR 10 000 ar gach scair agus méadófar líon scaireanna íoctha an Aontais go dtí 102 146. D'íocfaí as na scaireanna i gcaitheamh 5 bliana i dtráthchodanna comhionanna.

⁹

[Rún 265](#)

Tábla 1: Scairsheilbh an Aontais in BEAF i ndiaidh an mhéadaithe ar chaipiteal

An líon Scaireanna atá ann cheana	Líon na scaireanna nua	Líon na scaireanna i ndiaidh an mhéadaithe ar chaipiteal	Méid an chaipitil íoctha nua in EUR	Méid gach tráthchoda íocaíochta in EUR
90 044	12 102	102 146	121 020 000	24 204 000

Uimhir a dó, i mí na Bealtaine 2023 chinn an Bord Gobharnóirí i Rún Uimh. 259¹⁰ dul ar aghaidh le leathnú teoranta agus incriminteach chuig an Afraic Fho- Shahárach agus an Iaráic, trí raon feidhme geografach oibríochtaí BEAF a leasú, rud a shainmhínítear in Airteagal 1 den Chomhaontú lena mbunaítear BEAF. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil ó Bhord Gobharnóirí BEAF go luíodh sainordú agus samhail ghnó BEAF ar an mbealach is iomchuí i 6 thír san Afraic Fho- Shahárach, is iad sin Beinin, An Cósta Eabhair, Gána, An Chéinia, An Nigéir agus an tSeineagáil, agus é beartaithe go ndéanfaí na chéad infheistíochtaí ó 2025 i leith, faoi réir iarratas a bheith curtha isteach ag na tíortha sin ar bhallaíocht de BEAF agus ar stádas mar thír ina bhfuil oibríochtaí ar bun ag BEAF agus faoi réir é sin a bheith formheasta ag Bord Gobharnóirí BEAF ina dhiaidh sin. Leis an gcinneadh sin léirítear go bhfuil na naisc eacnamaíocha idir na tíortha ina bhfuil oibríochtaí ar bun ag BEAF faoi láthair agus an Afraic Fho- Shahárach agus an Iaráic ag fás agus go mbaineann acmhainneacht leis an gcinneadh sin i dtaca leis an earnáil phríobháideach sna tíortha sin a fhorbairt i gcomhréir le sainordú an bhainc i leith an aistrithe. Tá sin níos tábhachtaí ná riamh mar gheall ar ról díchobhsaithe na Rúise sa réigiún.

Leis an anailís a rinne BEAF deimhnítear 1) nach lagófar a chumas chun tacú leis na tíortha ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige faoi láthair mar gheall ar leathnú teoranta agus incriminteach chuig na 6 thír thuasluaite san Afraic Fho- Shahárach agus san Iaráic, 2) nach gcuirfear a rátáil chreidmheasa AAA i mbaol agus 3) nach gcuirfear isteach iarraidh ar ranníocaíochtaí breise caipitil de bharr an leathnaithe sin. Thairis sin, cumasófar an leathnú teoranta agus incriminteach sin de raon feidhme geografach a chuid oibríochtaí trí leasú a dhéanamh ar Airteagal 1 den Chomhaontú lena mbunaítear BEAF. Tá sé soiléirithe ag an mBord Gobharnóirí nach mór cur chun feidhme an leathnaithe a dhéanamh sa chaoi nach laghdófar an díriú ag BEAF ar thacú leis na tíortha ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige cheana, lena n-áirítear an Úcráin agus tíortha eile a ndéantar difear dóibh mar gheall ar an gcogadh atá ar siúl ag an Rúis.

Faoi théarmaí an rúin a glacadh, déanfar aon iarratais ar an stádas tír is faighteoir a mheas tar éis theacht i bhfeidhm an leasaithe ábhartha ar Airteagal 1 den Chomhaontú lena mbunaítear BEAF¹¹. Déanfar measúnú i gcomhréir le nósanna imeachta rialachais bunaithe BEAF ar gach iarratas a fhaightear.

Ní bheartaíonn BEAF aon infheistíochtaí a dhéanamh sna tíortha sin roimh 2025.

Uimhir a trí, i gcomhréir le moltaí in Athbhreithniú G20 ar Chreataí Leordhóthanacht Caipitil, i mí na Bealtaine 2023 chinn an Bord Gobharnóirí i Rún Uimh. 260¹² an teorainn chaipitil reachtúil ar ghnáthoibríochtaí a bhaint as Airteagal 12.1 den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus gach uile ghné den chreat maidir le leordhóthanacht chaipitil de chuid BEAF a tharmligean chuig an mBord

¹⁰ [Rún 259](#)

¹¹ Chun go mbeidh éifeacht ag leasú Airteagal 1, beidh gá le tacaíocht ó 3/4 de Chomhaltaí BEAF, lena n-áirítear ar a laghad 2 thír is faighteoir, arb ionann a vótaí agus 4/5 den Cheart Vótála Iomlán in BEAF.

¹² [Rún 260](#)

Gobharnóirí¹³. Leis sin réitítear an bealach do bhainistiú caipitil níos solúbtha agus níos dinimiciúla, agus áirithítear rialú leantach na méadrachtaí caipitil is tábhachtaí ag scairshealbhóirí an tráth céanna.

Faoi láthair, le hAirteagal 12.1 den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha cuirtear teorannú foirmiúil ar luach ainmniúil na ngnáth- oibleagáidí caipitil is féidir le BEAF a ghlacadh chuige. Tá an fhoráil sin comhchosúil léi sin atá i ndoiciméid bhunaidh Banc Forbartha Iltaobhacha (MDBanna) eile.

Le linn na ndeich mbliana a chuaigh thart, áfach, bhí nuálaíocht in úsáid a gcaipitil ag MDBanna á cur i dtábhacht ar bhonn méadaitheach ag scairshealbhóirí, nuálaíocht a raibh sé de chuspóir léi ag na bainc a n-acmhainneacht chaipitil a úsáid ar bhealach barrmhaith agus a bheith in ann a dtionchar a mhéadú. Ba in Athbhreithniú Neamhspleách G20 ar Chreataí Leordhóthanacht Caipitil na MDBanna a cuireadh ar aghaidh an tsraith is déanaí agus is cuimsithí de thograí chun tacú leis an sprioc sin. Rinneadh moltaí fairsinge san Athbhreithniú, moltaí atá breithnithe go cúramach ag BEAF agus a Bhord Gobharnóirí. Moladh go háirithe san Athbhreithniú gur cheart do na MDBanna spriocanna sonracha gearála uimhriúla – mar shampla an sprioc a leagtar amach faoi Airteagal 12.1 – a athlonnú ó reachtanna MDB go dtí a gcuid creataí leordhóthanacht caipitil. Dá ndéanfaí an ghníomhaíocht sin mhéadófaí an tsolúbthacht trína chur ar a chumas do BEAF na coigeartuithe ar na spriocanna a mbeidh gá leo amach anseo a dhéanamh gan aon ghá a bheith ann lena dhoiciméid bhunúsacha a leasú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá comhpháirtíocht an Aontais le BEAF níos láidre ná riamh. Tá baint ag BEAF le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais faoi bhainistíocht indíreach (deontais, ionstraimí airgeadais, agus ráthaíochtaí buiséadacha), agus dá réir sin, tacaíonn sé le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais. Is príomhrannpháirtí maidir le cur chun feidhme Global Gateway é BEAF freisin. Ó bunaíodh BEAF is é an tAontas a thug 40 % de na cistí iomlána a deonaíodh, agus dá réir sin is é a dheonaíonn an méid is mó don Bhanc. In 2022, rannchuidigh an tAontas leis an tacaíocht a thug BEAF do na tíortha ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige trí EUR 998 milliún de chistiú deontóra agus ráthaíochtaí a sholáthar chun tacú le tosaíochtaí comhpháirteacha laistigh den Aontas agus lasmuigh de.

In 2022, shínigh an tAontas agus BEAF comhaontuithe réamhbhreathnaitheacha tábhachtacha, mar atá an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir leis an gCreat Airgeadais, an Comhaontú Ráthaíochta InvestEU agus dhá Chomhaontú Ráthaíochta faoin gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+). Agus cistí an Aontais á gcur chun feidhme ag BEAF ba cheart dó leanúint de chloí leis na rialacha agus na nósanna imeachta mar a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais iad¹⁴.

Le tríocha bliain anuas is é BEAF a rinne an infheistíocht institiúideach is mó san Úcráin agus thacaigh sé le haistriú na tíre sin chuig geilleagar margaidh inbhuanaithe. Mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá obair á déanamh ag BEAF i ndlúthchomhar leis an Aontas agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile, mar atá an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), chun cuspóirí comhchoiteanna a chur chun cinn san Úcráin. Mar gheall ar scála na tacaíochta a mbeidh gá léi san Úcráin san fhadtéarma, tá sé fíor- riachtanach go mbeidh comhordú éifeachtúil agus éifeachtach ann leis na gníomhaithe eile, lena n-áirítear na MDBanna agus na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais (IFInna), chun

¹³ Ionas go mbeadh éifeacht ag an leasú ar Airteagal 12.1, bheadh gá le tacaíocht ó 3/5 ar a laghad de Chomhaltaí BEAF, arb ionann a vótaí agus 85 % ar a laghad den Cheart Vótála Iomlán in BEAF.

¹⁴ IO L 193, 30.7.2018, lgh. 1 - 222

tionchar acmhainní críochna a uasmhéadú. Is ann do na spriocanna comhchoiteanna mar gheall ar ghealltanas Rialtas na hÚcráine cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a athshlánú agus a choinneáil ar bun agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le ballraíocht san Aontas.

Sa chomhthéacs sin is iad cuspóirí an Aontais maidir le BEAF: (i) an sciar vótála atá aige faoi láthair a choinneáil ar bun ar a laghad, chun leanúint de thosaíochtaí beartais an Aontais a bhaint amach san Úcráin, agus i dtíortha eile BEAF chomh maith ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige; (ii) leasú a dhéanamh ar an gComhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha chun a) raon feidhmiú geografach EBRD a leathnú, ar bhealach teoranta agus incriminteach, chuig tíortha áirithe san Afraic Fho-Shahárach agus san Iaráic; agus (b) an teorainn chaipitil reachtúil ar ghnáthoibríochtaí a bhaint agus gach uile ghné de chreat leordhóthanacht caipitil BEAF a tharmligean chuig Bord Stiúrthóirí BEAF, i gcomhréir leis na moltaí san Athbhreithniú Neamhspleách a rinne G20, chun go mbeidh ann do bhainistiú solúbtha agus dinimiciúil caipitil agus rialú leantach na méadrachtaí caipitil príomha ag scairshealbhóirí á áirithiú an tráth céanna.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Bunaíodh BEAF agus sainordú aige ‘an t-aistriú i dtreo geilleagair atá dírithe ar mhargadh oscailte a chothú agus tionscnaíocht fiontraíochta idir phríobháideach agus phoiblí a chur chun cinn sna tíortha a bhfuil gealltanas tugtha acu prionsabail an daonlathais ilthaobhaigh, an iolrachais agus na heacnamaíochta margaidh a chur i bhfeidhm’ ar fud na hEorpa Láir agus Thoir, na hÁise Láir, ó bhí 2006 ann sa Mhongóil agus, ó bhí 2012 ann, i réigiún na Meánmhara theas agus thoir. Dé ghnáth, cuireann BEAF caighdeán agus beartais an Aontais i bhfeidhm agus chun cinn ina chuid oibríochtaí. Trína chuid tionscadal, úsáideann BEAF idirphlé beartais agus cur i bhfeidhm coinníollachta (e.g. tionchar aistrithe, caighdeán rialachais chorparáidigh, soláthar poiblí, caighdeán chomhshaoil, etc.) chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh i réimsí mar atá beartais chomhshaoil agus shóisialta.

Bhí freagairt BEAF do chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine láidir agus i gcomhréir le beartas an Aontais, sa chaoi is gur fhógair an Banc go tapa go raibh pacáiste cuimsitheach le tabhairt aige agus é mar sprioc leis EUR 3 billiún d’infheistíocht a chur in úsáid in 2022- 2023 chun tacú leis an Úcráin¹⁵. Cuimsíodh i bhfreagairt BEAF freisin tacaíocht nach beag trína chreat athléimneachta agus beatha do na tíortha eile a ndéanann an cogadh difear dóibh agus a bhfuil oibríochtaí ar bun aige iontu. Is rannpháirtí gníomhach i gCoiste Stiúrtha an Ardáin Comhordaithe Deontóirí é BEAF, ar a bhfuil oifigigh shinsearacha ón Úcráin, ó G7 agus ón Aontas. Déanann an tArdán sin maoiniú a chomhordú do na riachtanais phráinneacha atá ag an Úcráin agus dá hiarrachtaí i leith téarnamh eacnamaíoch agus a atógála chomh maith. Tá rannpháirtíocht sa mhéadú ar chaipiteal íoctha BEAF ar an ionstraim is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun an ghíaráil is fearr agus bonn cobhsaí a sholáthar le haghaidh infheistíocht leantach ag BEAF san Úcráin.

Sna tíortha is iarrthóirí, luíonn saothrú cuspóirí aistrithe ag BEAF go maith leis an aidhm dul chun cinn a dhéanamh i leith aontachas leis an Aontas. Taispeántar san réamhanailís a rinne an Coimisiún ar stádas na hÚcráine mar thír is iarrthóir ar bhallraíocht den Aontas go mbeidh gá le hathchóiriú nach beag i ngach réimse ionas go mbeidh cúrsaí san Úcráin i gcomhréir le caighdeán an Aontais. Beidh toradh rathúil ar iarrachtaí BEAF – agus ar pé coinníollacht a ghabhfaidh leis na hiarrachtaí sin – ó thaobh bhaint amach na n-athchóirithe sin de chun tacú le cuspóirí na hÚcráine i leith ballraíochta.

¹⁵ An 23 Deireadh Fómhair 2023, d’fhógair BEAF gur baineadh amach an sprioc EUR 3bn de mhaoiniú a chur in úsáid i bhfíorghuilleagar na hÚcráine.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

• Bunús dlí

Méadaíodh caipiteal BEAF dhá uair roimhe seo, in 1996 agus in 2011¹⁶. Shuibscríobh an tAontas le caipiteal breise sa dhá chás de réir na scaire a bhí aige sa chaipiteal.

Tar éis theacht i bhfeidhm an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), in 2011 rinneadh an cinneadh, de bhithin comhchinnteoireachta, a bheith rannpháirteach sa mhéadú ar chaipiteal agus Airteagal 212 CFAE mar bhunús dlí leis, Airteagal a bhforáiltear leis do bhearta comhair eacnamaíocha, airgeadais agus theicniúla a bheith á ndéanamh ag an Aontas, go háirithe i dtaca le cúnamh a thabhairt do thríú tíortha.

Bhí Cinneadh 602/2012/AE maidir le leasú a dhéanamh ar an gComhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha chun leathnú oibríochtaí BEAF chuig na réigiúin Mheánmhuirí Theas agus Thoir a cheadú bunaithe ar Airteagal 212 CFAE freisin.

Agus na fasaigh thuas á gcur san áireamh agus an fíoras gurb é cuspóir an mhéadaithe ar chaipiteal a cheadú do BEAF tacú le hathléimneacht agus atógáil na hÚcráine, tá an chuma ar an scéal go bhfuil sé iomchuí an Cinneadh atá molta a bhunú ar Airteagal 212 CFAE lena n-áirítear leasú coimhdeach a dhéanamh ar Airteagal 12.1.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Baineann an Cinneadh a mholtar le ballraíocht dhíreach an Aontais in BEAF agus leis na scaireanna a shealbhaíonn sé ann.

• Comhréireacht

Neamhbhainteach

• An rogha ionstraime

Ní féidir an cuspóir a bhaint amach ach amháin trí Chinneadh ón gComhairle agus ón bParlaimint.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Idir 2021 agus 2023, ghabh BEAF anailís dhomhain de láimh maidir lena threo straitéiseach i leith na todhchaí. Bhí scairshealbhóirí BEAF (ar a n-áirítear, i measc eintinis eile, na Ballstáit uile, BEI agus an Coimisiún mar ionadaí an Aontais) rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas. Sa chreat sin, rinne BEAF anailís ar roghanna feabhsaithe caipitil, bunaithe ar a riachtanais inmheánacha chaipitil, ar choinneáil a rátála creidmheasa AAA agus ar úsáid éifeachtach agus éifeachtúil chaipiteal na scairshealbhóirí chomh maith. Tá an cinneadh reatha maidir leis an méadú ar chaipiteal BEAF, le leathnú na n-oibríochtaí chuig an Afraic Fho-Shahárach agus an Iaráic agus le baint na húsáide caipitil mar theorainn reachtúil mar thoradh ar anailís dhomhain, idirphlé agus caibidlíocht i measc scairshealbhóirí BEAF.

¹⁶ Méadaíodh caipiteal BEAF in 1996 chun an méadú ar oibríochtaí an Bhainc ina réigiúin bhunaidh oibríochtaí a chur san áireamh i gcomhréir lena shainordú aistrithe, cé gur comhaontaíodh an méadú ar chaipiteal in 2011 mar fhreagairt do ghéarchéim airgeadais 2008 agus don ghá a bhí ann, dar le scairshealbhóirí an Bhainc, lena chuid gníomhaíochta a ghéarú chun cuidiú le téarnamh a chur chun cinn ina réigiún agus tacú leis.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Méadú ar chaipiteal

Tá athbhreithniú déanta ag Bord Gobharnóirí BEAF ar éabhlóid obair BEAF san Úcráin go tráthrialta ó thosaigh an cogadh. I sraith tuarascálacha ó Bhord Gobharnóirí BEAF tá measúnú déanta ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag BEAF in athléimneacht na hÚcráine in am an chogaidh a choimeád ar bun agus i ndlús suntasach a chur leis an tacaíocht le hatógáil san fhadtearma freisin, agus a áirithiú an tráth céanna go dtacóidh sé go leantach leis na tíortha uile ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige. Rinneadh scrúdú sna tuarascálacha sin ar chineál agus scála féideartha ghníomhaíocht BEAF, agus an neart áirithe idir institiúideach agus oibríochtúil atá aige, a sheasamh sainiúil san Úcráin agus an obair a dhéanann daoine eile chun tacú leis an tír á gcoimeád i gcuimhne dó. Rinneadh breithniú sistéamach sna tuarascálacha freisin ar na bearta ó scairshealbhóirí a mbeadh gá leo, b'fhéidir, chun go gcumasófar BEAF chun tacú leis an Úcráin ar an mbealach is fearr. De thoradh na hoibre sin d'fhormheas an Bord Gobharnóirí Rún Uimh. 258 an 18 Bealtaine 2023 maidir le Tacaíocht BEAF le hAthléimneacht agus Atógáil san Úcráin, ar rún é lenar tugadh ordú do Bhord Gobharnóirí BEAF togra coincreíteach a fhorbairt le haghaidh méadaithe ar chaipiteal íoctha, togra a bheadh le formheas roimh dheireadh 2023.

Leasú ar Airteagal 1 den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha

I mí na Bealtaine 2022, d'fhormheas an Bord Gobharnóirí Rún Uimh. 248 dar teideal "I dTreo Leathnú Teoranta agus Incriminteach Raon Feidhme Geografach Oibríochtaí BEAF chuig an Afraic Fho- Shahárach agus an Iaráic". Leis an Rún, a bhí bunaithe ar mheasúnú domhain ar bhreisluach féideartha BEAF sa réigiún agus ar an tionchar caipitil agus airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag leathnú teoranta agus incriminteach ar BEAF, formheasadh, i bprionsabal, leathnú teoranta agus incriminteach ar raon feidhme geografach oibríochtaí BEAF san Afraic Fho- Shahárach agus san Iaráic.

Ina dhiaidh sin rinne an Bord Stiúrthóirí athmheasúnú ar na himpleachtaí caipitil agus airgeadais a bhainfeadh le leathnú teoranta agus incriminteach chuig an Afraic Fho- Shahárach agus an Iaráic, i gcomhthéacs measúnú foriomlán ar sheasamh airgeadais BEAF. Taispeánadh san athmheasúnú go mbeadh tionchar aon leathnaithe maidir le seasamh caipitil BEAF teoranta le linn thréimhse an Chreata Straitéisigh agus Caipitil reatha go dtí 2025 agus ina dhiaidh sin go dtí deireadh 2030 agus nach lagódh sé, é féin, cumas BEAF tacú leis na tíortha ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige cheana, nach gcuirfeadh sé rátaíl chreidmheasa AAA BEAF i mbaol nó nach mbeadh gá le méadú eile ar chaipiteal dá thoradh.

Leasú ar Airteagal 12.1 den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha

Is é an phríomhchúis le leasú a dhéanamh ar Airteagal 12.1 den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha chun an teorainn chaipitil reachtúil a bhaint ná teorainneacha úsáide caipitil ainmniúil a athlonnú sa chreat leordhóthanacht caipitil, a ndéantar bainistiú air ar leibhéal an Bhoird Stiúrthóirí, chun éifeachtúlacht agus solúbthacht in úsáid chaipiteal BEAF a mhéadú. Mar a aithníodh in Athbhreithniú Neamhspleách G20 ar Chreataí Leordhóthanach Caipitil na MDBanna, is ann don riosca san fhadtearma go ndéanfar srian ceangailteach den teorainn reachtúil ainmniúil, rud lena bhféadfaí bac a chur ar BEAF maidir le tacú lena chuid tíortha is faighteoirí fiú amháin i gcás ina mbeadh inniúlacht bhreise acmhainne rioscúla ar fáil. Taispeánadh san anailís ar BEAF go raibh uasleibhéal teoiriciúil

na sócmhainní oibríochta arbh fhéidir iad é a bhaint amach faoin gCreat Leordhóthanacht Caipitil níos airde ná mar a bhí faoin gcóimheas ainmniúil. Dá mbainfí an teorainn reachtúil agus dá ligfí don Bhord Stiúrthóirí na leibhéil iomchuí d'úsáid caipitil ainmniúil a mheas mar chuid dá bheartais i leith a chreata leordhóthanacht caipitil d'fhéadfaí measúnú iomlánaíoch a dhéanamh ar sheasamh caipitil BEAF chun go ndéanfaí a ghníomhaíochtaí iasachtaithe a threorú.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhthéacs an mhéid a leagtar amach sna 2 roinn roimhe seo, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus na gcleachtas san am a chuaigh thart, níl aon mheasúnú tionchair foirmiúil forbartha ag an gCoimisiún.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá sciar an Aontais i gcaipiteal suibscríofa BEAF cothrom le ca 3,03%, mar sin mhéadódh an tAontas a chaipiteal suibscríofa de EUR 121 020 000, i bhfoirm scaireanna íoctha ar an bpraghas EUR 10 000 an scair. Féadfaidh comhaltaí BEAF a shuibscríobh, ar nó roimh an 30 Meitheamh 2025, nó ar pé dáta ina dhiaidh sin nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025 a chinnfidh an Bord Stiúrthóirí ar nó roimh an 30 Meitheamh 2025.

Íocfaidh gach comhalta de BEAF an chéad tráthchuid ar an dáta is déanaí de (i) an 30 Aibreán 2025; nó (ii) 60 lá tar éis theacht in éifeacht a ionstraime suibscríbhíne. Íocfar na 4 thráthchuid eile faoin 30 Aibreán 2026; 30 Aibreán 2027; 30 Aibreán 2028 agus 30 Aibreán 2029, faoi seach.

Leis an tionscnamh seo ceanglaítear an corrlach gan leithdháileadh faoi Cheannteideal 6 a úsáid, nó na hionstraimí mar a shainmhínítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid. Cinnfear é sin tráth a bhunófar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Dréachtbhuiséad 2025 agus faoi réir caibidlíochta idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

Níl aon impleachtaí maidir le buiséad an Aontais ag na leasuithe ar an gComhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tuairiscíonn an Gobharnóir de BEAF a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach bliain ar an méid seo a leanas:

- cur chun cinn chuspóirí an Aontais;
- úsáid chaipiteal BEAF;
- bearta chun trédhearcacht oibríochtaí BEAF a áirithiú trí idirghabhálaithe airgeadais;
- rannchuidiú BEAF le dul i mbun riosca agus a éifeachtacht maidir le maoiniú breise a ghíaráil ón earnáil phríobháideach;
- comhar idir BEI agus BEAF lasmuigh den Aontas.

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le suibscríobh ag an Aontas Eorpach le scaireanna breise i gcaipiteal an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus lena leasaítear an Comhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha a mhéid a bhaineann le leathnú raon feidhme geografach oibríochtaí BEAF chuig an Afraic Fho-Shahárach agus an Iaráic ar bhealach teoranta agus incriminteach, agus lena mbaintear an teorainn chaipitil reachtúil ar ghnáthoibríochtaí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 4(3) den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha ('BEAF'), chinn Bord Gobharnóirí BEAF, an 15 Nollaig 2023, i Rún Uimh. 265 dá gcuid¹⁷ stoc caipitil údaráithe BEAF a mhéadú de EUR 4 000 000 000 chun caipiteal a choimeád a bheadh leordhóthanach chun leibhéal réasúnta gníomhaíochta a choinneáil ar bun, sa mheántearma, laistigh de theorainneacha reachtúla sna tíortha ina bhfuil oibríochtaí ar bun ag BEAF.
- (2) Roimh an méadú ar chaipiteal sin, tá 90 044 scair i seilbh an Aontais, a bhfuil parluach EUR 10 000 ag gach scair díobh.
- (3) De bhun Rún 265, méadaítear stoc caipitil údaráithe BEAF de 400 000 scair íochta, agus féadfaidh comhaltaí BEAF a shuibscríobh, ar nó roimh an 30 Meitheamh 2025, nó ar pé dáta ina dhiaidh sin nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025 a chinnfidh an Bord Stiúrthóirí ar nó roimh an 30 Meitheamh 2025, do líon scaireanna iomlána, pro rata do na scairshealbha atá acu cheana. Tá an méadú ar chaipiteal le híoc i 5 thráthchuid, a íocfaidh gach comhalta de BEAF ar an dáta is déanaí de (i) an 30 Aibreán 2025; nó (ii) 60 lá tar éis theacht in éifeacht a ionstraimhe suibscríbhinne. Íocfar na 4 thráthchuid a bheidh fágtha faoin 30 Aibreán 2026, faoin 30 Aibreán 2027, faoin 30 Aibreán 2028 agus faoin 30 Aibreán 2029, faoi seach. Dá réir sin, ceadófar don Aontas suibscríobh do 12 102 scaireanna nua, beidh parluach EUR 10 000 ar gach ceann díobh le haghaidh iomlán de EUR 121 020 000 ag méadú líon scaireanna íochta an Aontais go dtí 102 146.
- (4) Is gá an caipiteal a mhéadú chun gníomhaíochtaí agus infheistíochtaí leantacha BEAF san Úcráin le linn an chogaidh a chumasú agus go háirithe sa tréimhse iarchogaidh

¹⁷

[Rún 265](#)

chun tacú le hatógáil na hÚcráine. Trí thacú leis na gníomhaíochtaí sin, áirithítear leis an méadú ar chaipiteal freisin nach gcuirfear srian leis an iarracht sin ar acmhainneacht BEAF a chuid riachtanas sna tíortha eile ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige a chomhlíonadh. Tá sé i gcomhréir leis an gceanglas in Airteagal 13.v) den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Atógála go bhféachfaidh an Banc le héagsúlú réasúnta a choinneáil ar bun ina chuid infheistíochtaí uile. Mar iarmhairt air sin, le méadú ar chaipiteal iníoctha tacaítear le BEAF atá láidir ó thaobh airgeadais de agus atá in ann a shainordú a shaothrú agus cuspóirí scairshealbhóirí a chomhlíonadh i ngach tír ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige.

- (5) Tá sé iomchuí go suibscríobhfaidh an tAontas do na scaireanna breise sin chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach i réimse an chaidrimh sheachtraigh eacnamaíochta agus a cheart vótála a chaomhnú laistigh de BEAF.
- (6) De bhun Rún 259¹⁸, a glacadh an 18 Bealtaine 2023, chaith Bord Gobharnóirí BEAF vóta i bhfabhar na leasuithe a dhéanamh ar an gComhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha a bhfuil gá leo, ag cur ar a chumas do BEAF raon feidhme geografach a chuid oibríochtaí a leathnú ar bhealach teoranta agus incriminteach chuig an Afraic Fho- Shahárach agus an Iaráic agus a thiomantas iomlán don Úcráin agus do na tíortha ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige cheana á choinneáil ar bun an tráth céanna. Deimhníodh leis an Rún sin gur cheart leathnú shainordú BEAF a bhaint amach gan ranníocaíochtaí breise caipitil a éileamh ar a chuid scairshealbhóirí.
- (7) Ba cheart raon feidhme oibríochtaí BEAF a leathnú ar bhealach teoranta agus incriminteach chuig an Afraic Fho- Shahárach agus an Iaráic agus ba cheart é a bheith go hiomlán i gcomhréir le luachanna BEAF is é sin tacaíocht a thabhairt do na tíortha sin atá tiomanta do phrionsabail an daonlathais ilpháirtí, an smachta reachta, urramú chearta an duine, an iolrachais agus na heacnamaíochta margaidh agus dá gcur i bhfeidhm. Tá cur chuige céimnithe forbartha ag BEAF i leith tús a chur lena ngníomhaíochtaí sna réigiúin lena mbaineann, lena gcuirfear san áireamh na sainiúlachtaí réigiúnacha agus náisiúnta. Beartaítear go ndéanfar na chéad infheistíochtaí san Afraic Fho- Shahárach i dtíortha roghnaithe ó 2025 i leith¹⁹. Agus é a chur san áireamh go ndíríonn BEAF ar fhorbairt san earnáil phríobháideach agus ar a shainordú aistrithe, is substaintiúil an luach is féidir leis an mbanc a chur isteach san Afraic Fho- Shahárach agus san Iaráic agus baineann tábhacht gheostraitéiseach leis sin ó thaobh an Aontais de.
- (8) Ba cheart d'ionadaithe an Aontais i gcomhlachtaí rialaithe BEAF BEAF a spreagadh chun leanúint dá rannpháirtíocht dhlúth leis an Aontas agus dá chomhar leis an tsochaí shibhialta, chomh maith le leanúint dá dhlúthchomhar le hinstitiúidí eile Eorpacha agus idirnáisiúnta maoinithe phoiblí a fhorbairt a thuilleadh, chun úsáid iomlán a bhaint as na buntáistí comparáideach a ghabhann le rannpháirtíocht agus comhar den sórt sin, nuair a bheidh a chuid oibríochtaí á leathnú aige chuig an Afraic Fho- Shahárach agus an Iaráic.
- (9) I gcomhréir leis an gcleachtas atá ann cheana, sula fhormheasann BEAF tír nua a mbeidh oibríochtaí ar bun aige ann, ba cheart dó measúnú teicniúil mionsonraithe a dhéanamh ar na dálaí eacnamaíocha atá sa tír lena mbaineann, lena n-áirítear: measúnú

¹⁸ [Rún 259](#)

¹⁹ Beinín, an Cósta Eabhair, Gána, an Chéinia, an Nigéir, agus an tSeineagáil, faoi réir iarratais a bheith curtha isteach acu agus iad a bheith formheasta mar thíortha is faighteoirí de chuid BEAF.

ar thiomantas na tíre sin i leith phrionsabail an daonlathais ilpháirtí, an iolrachais agus na heacnamaíochta margaidh, mar a chumhdaítear in Airteagal 1 den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Atógála, measúnú ar na bearnaí aistrithe, agus athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí institiúidí idirnáisiúnta eile sa tír sin agus ar na tosaíochtaí a bhféadfadh BEAF an úsáid is fearr a bhaint as a eolas agus a scileanna uathúla i ndáil leo. Ba cheart measúnú den sórt sin a ghabháil de láimh faoi réir aon tír nua a bheith ag cur isteach ar bhallraíocht de BEAF agus ar stádas mar thír ina bhfuil oibríochtaí ar bun ag BEAF agus faoi réir formheas ina leith siúd ina dhiaidh sin ag Bord Gobharnóirí BEAF.

- (10) Le Rún 260²⁰, d'aithin Bord Gobharnóirí BEAF ról fíor- riachtanach BEAF maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshlám dhomhanda phráinneacha agus maidir le ról fíor- riachtanach na moltaí san Athbhreithnithe Neamhspleách a rinne G20 ar Chreataí Leordhóthanacht Caipitil. Chun úsáid optamach na hinniúlachta caipitil de chuid BEAF a chumasú chun an tionchar is fearr is féidir a bhaint amach sna tíortha is faighteoirí dá chuid is gá leasú a dhéanamh ar Airteagal 12.1 den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Athfhorbartha, ar leasú é lena mbainfear an teorainn chaipitil reachtúil.
- (11) De bhun Airteagal 56 den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Atógála, tá iarrtha ag Bord Gobharnóirí BEAF ar na Comhaltaí uile an nglacann siad leis na leasuithe atá molta.
- (12) Ba cheart dá bhrí sin an méadú ar chaipiteal agus na leasuithe ar an gComhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Athfhorbartha a fhorghabháil thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Suibscríobhfaidh an tAontas do 12 102 scaireanna breise ar EUR 10 000 an ceann in BEAF de bhun Rún²⁶⁵ Bhord Gobharnóirí BEAF ar nó roimh an 30 Meitheamh 2025, nó ar dháta ina dhiaidh sin nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025 a fhéadfaidh Bord Stiúrthóirí BEAF a chinneadh ar nó roimh an 30 Meitheamh 2025.

Íocfar an tsuibscríbhinn i 5 thráthchuid, a mbeidh an chéad cheann díobh le híoc faoin dáta is déanaí den (i) 30 Aibreán 2025; nó (ii) 60 lá tar éis theacht in éifeacht na hionstraime suibscríbhinne ón Aontas. Íocfar na 4 thráthchuid a bheidh fágtha faoin 30 Aibreán 2026, faoin 30 Aibreán 2027, faoin 30 Aibreán 2028 agus faoin 30 Aibreán 2029, faoi seach.

Airteagal 2

Taiscfidh an Gobharnóir de chuid BEAF a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas an ionstraim suibscríbhinne riachtanach thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Formheastar thar ceann an Aontais na leasuithe ar Airteagal 1 den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Athfhorbartha chun leathnú teoranta agus

²⁰ [Rún 260](#)

incriminteach raon feidhme geografach a chuid oibríochtaí don Afraic Fho- Shahárach agus don Iaráic a cheadú agus leasú ar Airteagal 12.1 den Chomhaontú chun an teorannú caipitil reachtúil a bhaint.

Airteagal 4

Cuirfidh an Gobharnóir BEAF a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas Dearbhú Glactha i leith na leasuithe in iúl, thar ceann an Aontais, do BEAF.

Airteagal 5

Mar chuid den tuarascáil bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa tuairisceoidh an Gobharnóir de chuid BEAF a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas ar ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí BEAF san Afraic Fho- Shahárach agus san Iaráic freisin.

Airteagal 6

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe sin, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

1.7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

3.2.2. *An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. *Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le suibscríobh ag an Aontas Eorpach do scaireanna breise i gcaipiteal an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) mar thoradh ar chinneadh BEAF a chaipiteal a mhéadú agus ar na leasuithe ar an gComhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha lena leathnaítear raon feidhme geografach a chuid oibríochtaí chuig an Afraic Fho- Shahárach agus an Iaráic ar bhealach teoranta agus incriminteach agus lena mbaintear an teorainn chaipitil reachtúil ar ghnáthoibríochtaí.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Ceannteideal 6. An Chomharsanacht agus an Domhan
Teideal 14. Gníomhaíocht Sheachtrach

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart²¹

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Cabhrú le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh trí infheistíocht a dhéanamh ina chomharsanacht, i dtíortha i mbéal forbartha agus ar fud an domhain, lena n-áirítear trí chúnamh a thabhairt do thíortha atá ag ullmhú d'aontachas leis an Aontas.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

É a chur ar a chumas do BEAF, trí shuibscríobh do scaireanna íoctha nua, leanúint de ról rithabhachtach a bheith aige san iarracht idirnáisiúnta, ag obair i ndlúthchomhar leis an Aontas agus le hinstiúidí eile chun tacú le fíorgheilleagar na hÚcráine le linn an chogaidh agus le linn atógáil na hÚcráine i ndiaidh an chogaidh, agus a neart airgeadais á choinneáil ag BEAF an tráth céanna.

A fhorpheas go rachaidh BEAF ar aghaidh le leathnú teoranta agus incriminteach chuig an Afraic Fho- Shahárach agus an Iaráic, trí leasú a dhéanamh ar raon feidhme geografach oibríochtaí BEAF.

I gcomhréir leis na moltaí san athbhreithniú a rinne G20 ar Chreataí Leordhóthanacht Caipitil, an bealach a réiteach chun go mbeidh bainistíocht níos solúbtha agus níos dinimiciúla chaipitil á dhéanamh ag BEAF, trí ghnéithe uile chreat leordhóthanachta

²¹

Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

caipitil BEAF a tharmligean chuig an mBord Stiúrthóirí, agus rialú leantach na méadrachtaí caipitil príomha ag scairshealbhóirí á áirithiú an tráth céanna.

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

Leis an méadú ar chaipiteal chuirfí go mór le neart BEAF mar gheall ar an tionchar inláimhsithe airgeadais a bheadh ann dá thoradh mar aon le deimhniú mhuinín na scairshealbhóirí as misean agus gníomhaíocht BEAF ar fud na dtíortha uile ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige. Bheadh BEAF láidir a dhóthain chun gabháil don infheistíocht bhreise san Úcráin, le linn an chogaidh agus le linn atógáil na hÚcráine araon, agus chun leanúint de thacaíocht iomlán a thabhairt do thíortha eile ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige trí aghaidh a thabhairt ar na dúshlán atá os comhair na dtíortha sin i dtaca le haistriú, agus ar impleachtaí réigiúnacha agus domhanda an chogaidh san Úcráin chomh maith.

Le méadú ar chaipiteal áiritheofar go mbeidh BEAF in ann amach anseo tacú leis an Úcráin i dtréimhsí eisceachtúla agus tacaíocht láidir agus mharthanach a cheadú do na tíortha uile ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige – lena n-áirítear tíortha eile a ndéanann an cogadh atá ar siúl ag an Rúis difear dóibh – na bearnaí aistrithe dá gcuid a dhúnadh.

Agus an méid sin á dhéanamh aige, leanfaidh BEAF dá Chreat straitéiseach agus caipitil 2021-2025 reatha a shaothrú san obair uile a dhéanann sé, lena n-áirítear san Úcráin, i gcomhréir leis an sainordú atá aige aistriú chuig geilleagar glas, ionchuimsitheach, athléimneach, comhtháite, dea- rialaithe, iomaíoch agus dírithe ar an margadh a éascú - agus é ag díriú go mór ar fhorbairt na hearnála príobháidí agus a chuid iarrachtaí á gcuiamsiú pé áit a mbíonn a chuid oibríochtaí níos forliontaí agus a mbíonn an tionchar is mó acu ar aistriú.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Déanfar na cuspóirí a bhainfear amach a thomhas trí bhíthin mhéid oibríochtaí maoinithe BEAF de réir réigiún, go háirithe an mhéid san Úcráin agus i dtíortha eile ina mbíonn oibríochtaí ar bun ag BEAF agus a ndéanann an cogadh atá ar siúl ag an Rúis difear dóibh, de réir earnála agus de réir an mhéid oibríochtaí atá maoinithe ag BEAF ach cómhaoinithe ag Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta (IFI) eile agus/nó trí chláir de chuid an Choimisiúin, agus trí bhíthin táscairí eile chomh maith a leagtar amach i gcreat tionchair BEAF.

1.5. **Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

An 15 Nollaig 2023, ghlac Bord Gobharnóirí BEAF Rún Uimh. 265 dá chuid, lena údaraítear do BEAF líon a scaireanna a mhéadú de 400 000 scair nua ar luach EUR 10 000 an ceann, is é sin EUR 4 billiún san iomlán, agus dáta éifeachta an mhéadaithe an 31 Nollaig 2024. Trí rannpháirtíocht an Aontais sa mhéadú ar chaipiteal áiritheofar go gcoinneoidh an tAontas a sciar díreach de 3 % de chaipiteal suibscríofa iomlán BEAF. Is scairshealbhóirí in BEAF freisin iad an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) (3 %) agus na Ballstáit go haonarach (EU27, ca. 48.4 %), rud a chiallaíonn go bhfuil scairsheilbh thromlaigh chomhcheangailte de 54.4 % ag an Aontas faoi láthair.

De bhun an Rúin thuasluaite, féadfaidh comhaltaí BEAF a shuibscríobh, ar nó roimh an 30 Meitheamh 2025, nó ar pé dáta ina dhiaidh sin nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025 a chinnfidh an Bord Stiúrthóirí ar nó roimh an 30 Meitheamh 2025, do líon de scaireanna iomlána, pro rata don scairshealbh atá acu cheana. Dá réir sin, ceadófar don Aontas suibscríobh do 12 102 scaireanna nua, beidh parluach EUR 10 000 ar gach ceann díobh le haghaidh iomláin de EUR 121 020 000 ag méadú líon scaireanna íoctha an Aontais go dtí 102 146. Íocfaidh gach comhalta an chéad tráthchuid faoin dáta is déanaí de (i) an 30 Aibreán 2025; nó (ii) 60 lá tar éis theacht in éifeacht a ionstraimhe suibscríbhíne. Íocfar na 4 thráthchuid eile faoin 30 Aibreán 2026; 30 Aibreán 2027; 30 Aibreán 2028 agus 30 Aibreán 2029, faoi seach.

- 1.5.2. *Breisluch Eorpach (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlithiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe sin, is é is 'breisluch Eorpach' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Baineann an togra le suibscríobh díreach an Aontais do scaireanna nua in BEAF, ós rud é gur iarr BEAF ar a chuid scairshealbhóirí díreacha uile scaireanna nua a shuibscríobh ar bhonn *pro rata* leis na scaireanna a shealbhaíonn siad faoi láthair i gcomhréir le Rún 265 Bhord Gobharnóirí BEAF. Mar sin, chun a sciar reatha de scairsheilbh an Aontais a choinneáil ar bun, is gá gníomh a dhéanamh ar leibhéal an Aontais.

- 1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

In 1996, chinn Gobharnóirí BEAF an caipiteal údaraithe de chuid BEAF ar shuibscríobh an tAontas 30 000 scair bhreise ar EUR 10 000 an ceann dó a dhúbláil, agus mar sin caipiteal suibscríofa an Aontais a mhéadú go dtí EUR 600 milliún. Coinníodh ar bun sciar an Aontais i gcaipiteal údaraithe iomlán BEAF. Ba i ndiaidh Chinneadh 97/135/CE ón gComhairle a shuibscríobh an tAontas do scaireanna breise.

In 2010, chinn Gobharnóirí BEAF an stoc de chaipiteal údaraithe a mhéadú EUR 10 billiún, méadú arb ionann é agus 100 000 scair íoctha agus 900 000 scair inghlaoite, chun caipiteal leordhóthanach a choimeád chun leibhéal réasúnta gníomhaíochta a choinneáil ar bun sna tíortha ina bhfuil oibríochtaí ar bun aige. Dá réir sin, shuibscríobh an tAontas do scaireanna breise i ndiaidh Chinneadh 1219/2011 AE.

- 1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Is é sainordú BEAF “an t-aistriú i dtreo geilleagair atá dírithe ar mhargadh oscailte a chothú agus tionscnaíocht phríobháideach agus fhiontraíoch a chur chun cinn sna [...] tíortha a bhfuil gealltanais tugtha acu prionsabail an daonlathais ilthaobhaigh, an iolrachais agus na heacnamaíochta margaidh a chur i bhfeidhm” ar fud na hEorpa Láir agus Thoir, na hÁise Láir agus, ó bhí 2012 ann, réigiún na Meánmhara Theas agus Thoir. San iomlán, tá scairsheilbh thromlaigh chomhcheangailte de 54,4 % de chaipiteal BEAF ag an Aontas, lena n-áirítear sciar díreach an Aontais (3,03%), BEI (3,03%) agus scaireanna aonaracha na mBallstát (EU27, ca. 48,4%). Tá ionadaíocht ag gach scairshealbhóir ar Bhord Stiúrthóirí cónaithe BEAF. Dé ghnáth, cuireann BEAF caighdeán agus beartais an Aontais i bhfeidhm agus chun cinn ina chuid

oibríochtaí. Trína chuid tionscadal, úsáideann BEAF idirphlé beartais agus cur i bhfeidhm coinníollachta (e.g. tionchar aistrithe, caighdeáin rialachais chorparáidigh, soláthar poiblí, caighdeáin chomhshaoil, etc.) chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh i réimsí mar atá beartais chomhshaoil agus shóisialta.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Mar gheall ar shuibscríobh 12 102 scaireanna breise ag an Aontas Eorpach de bhun Rún 265 de chuid Bhord Gobharnóirí BEAF ceanglaítear go mbeidh na leithreasuithe a bhfuil gá leo geallta sa chéad leath de bhliain airgeadais 2025. Chun na críche sin, maidir leis an líne bhuiséid thiomnaithe faoi Cheannteideal 6 (An Chomharsanacht agus an Domhan), go sonrach *Mír 14 20.03.04 - An Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha - Soláthar scaireanna láníochta de chaipiteal suibscríofa*, beidh gá le méid de leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a bheidh coibhéiseach le méid iomlán rannpháirtíocht an Aontais sa mhéadú ar chaipiteal íoctha de chuid BEAF, i.e. EUR 121 020 000, a chur san áireamh.

Ós rud é nach féidir an ghníomhaíocht a mhaoiniú go hiomlán trí athshannadh, bheadh gá leis an corrlach gan leithdháileadh faoi Cheannteideal 6 a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta mar a shainmhínítear sa Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a úsáid. Tá sin le cinneadh tráth a bhunófar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Dréachtbhuiséad 2025 agus faoi réir caibidlíochta idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

Braithfidh aon impleachtaí buiséadacha faoi CAI i ndiaidh 2027 ar infhaighteacht an chistithe, gan tosaíocht a bhaint den togra ná de chomhaontú CAI ná de na cláir a ghabhann leis.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

☒ tréimhse theoranta

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☒ Tionchar airgeadais in 2025 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó 2025 go 2029²² le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme²³

☒ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

☐ Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;
- ☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

N/B

²² Tá impleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann do na blianta i ndiaidh 2027 gan dochar don Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil iar- 2027.

²³ Is féidir mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fháil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Déanfar bainistíocht ar oibríochtaí BEAF i gcomhréir le nósanna imeachta faireacháin agus tuairiscithe BEAF féin. Cuireann BEAF tuarascáil ar a chuid oibríochtaí, ar bhaint amach a chuid cuspóirí beartais agus ar a chuntais iniúchta chomh maith le haghaidh gach bliain airgeadais chuig a Bhord Gobharnóirí. Formheasann an Bord Gobharnóirí, i ndiaidh dó athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil an iniúcháir, ar an gclár comhardaithe ginearálta agus ar an ráiteas maidir le brabús and caillteanas BEAF.

Tuairiscíonn an Gobharnóir de BEAF a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas do Pharlaimint na hEorpa gach bliain ar an méid seo a leanas:

- cur chun cinn chuspóirí an Aontais;
- úsáid chaipiteal BEAF;
- bearta chun trédhearcacht oibríochtaí BEAF a áirithiú trí idirghabhálaithe airgeadais;
- rannchuidiú BEAF le dul i riosca agus a éifeachtacht maidir le maoiniú breise a ghíaráil ón earnáil phríobháideach;
- comhar idir BEI agus BEAF lasmuigh den Aontas.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cuirfear an ghníomhaíocht chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún, a shuibscríobhfaidh, thar ceann an Aontais, do 12 102 scaireanna nua, beidh parluach EUR 10 000 ar gach ceann díobh le haghaidh iomláin de EUR 121 020 000. Íocfar an chéad tráthchuid ar an dáta is déanaí de (i) an 30 Aibreán 2025; nó (ii) 60 lá tar éis theacht in éifeacht a ionstraime suibscríbhíne. Íocfar na 4 thráthchuid eile faoin 30 Aibreán 2026; 30 Aibreán 2027; 30 Aibreán 2028 agus 30 Aibreán 2029, faoi seach.

Déanfar bainistiú ar oibríochtaí BEAF i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta BEAF féin, lena n-áirítear bearta rialaithe, iniúchta agus faireacháin iomchuí. Mar a fhoráiltear sa Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, tugann Coiste Iniúcháireachta BEAF, a fhaigheann tacaíocht ó iniúcháirí seachtracha, cúnamh do Bhord Stiúrthóirí BEAF agus tá freagracht air as rialtacht oibríochtaí agus chuntais BEAF a fhíorú. Déanann an Bord Stiúrthóirí ar a bhfuil Stiúrthóir ag an Aontas a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht air, na cuntais iniúchta le haghaidh gach bliain airgeadais a chur isteach le go bhformheasfaidh an Bord Gobharnóirí iad ag gach cruinniú bliantúil agus formheasann sé buiséad BEAF. Formheasann an Bord Gobharnóirí, i ndiaidh dó athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil an iniúcháir, ar an gclár comhardaithe ginearálta agus ar an ráiteas maidir le brabús and caillteanas BEAF.

Déanann Roinn Meastóireachta neamhspleáiche meastóireacht ar fheidhmíocht na dtionscadal agus na gclár críochnaithe de chuid BEAF i dtaca leis na cuspóirí. Déanann sí anailís sistéamach ar thorthaí na dtionscadal aonair agus na dtéamaí níos

leithne araon mar a shainmhínítear i mbeartais BEAF iad. Is é príomhchuspóir na meastóireachta rannchuidiú le dlisteanacht, ábharthacht agus feidhmíocht institiúideach ardchéimiúil BEAF.

Tá Roinn Iniúcháireachta Inmheánach BEAF bunaithe i gcomhréir leis an gCreat um Chleachtais Ghairmiúla Idirnáisiúnta de chuid Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha agus tá sí freagrach as dearbhú neamhspleách agus oibiachtúil a sholáthar don bhainistíocht feidhmiúcháin agus don Bhord Stiúrthóirí maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh, an rialachais agus na bpróiseas bainistíochta i dtaca le príomhríosaí an Bhainc a mhaolú.

Tá Sásra Neamhspleách um Chuntasacht i ndáil le Tionscadail ag BEAF freisin, arb é sásra casaoide an Bhainc. Bíonn sé ag plé le gearáin faoi ábhair chomhshaoil, shóisialta agus nochta a bhaineann le hinfheistíochtaí an Bhainc. Tá an Sásra neamhspleách ar bhainistíocht BEAF agus gabhtar imscrúduithe aimsithe- fíoras de láimh leis chun a chinneadh an bhfuil na caighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus nochta comhlíonta ag an mBanc.

Thairis sin, bunaíonn an Bord Stiúrthóirí beartais agus déanann sé cinntí maidir le hiasachtaí, ráthaíochtaí, infheistíocht i gcaipiteal cothromais, iasachtaíocht ag BEAF, soláthar cúnamh theicniúil agus oibriochtaí eile ag BEAF i gcomhréir le teoracha ginearálta ón mBord Gobharnóirí.

Tá 3 Choiste Boird bunaithe ag an mBord Stiúrthóirí chun cúnamh a thabhairt dó ina chuid oibre: an Coiste Iniúcháireachta thuasluaite, an Coiste um an mBuiséad agus Gnóthaí Riaracháin agus an Coiste um Beartais Airgeadais agus Oibriochtaí. Freastalaíonn an Stiúrthóir (nó a ionadaí) a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas ar na Coistí Boird uile sin. Ar deireadh, tá Coiste Eitice bunaithe ag Bord Gobharnóirí BEAF, Coiste a thugann léirmhíniú ar na Cóid iompair is infheidhme maidir le foireann BEAF agus oifigigh bhoird agus a dhéanann na Cóid sin a chosaint.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Le hAirteagal 5.3 den Chomhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha ordaítear go ndéanfaidh an Bord Gobharnóirí athbhreithniú ar stoc caipitil BEAF ag eitraimh nach mó ná 5 bliana. Tá BEAF faoi réir a gcóras rialaithe féin.

Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le cláir de chuid an Aontais a bheith á gcur chun feidhme ag BEAF, cinneadh go bhfuil a chóras rialaithe inmheánaigh coibhéiseach leo siúd de chuid an Choimisiúin atá sa mheasúnú colúin a dhéantar i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an iocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Féach thuas an freagra in 2.2.2.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Tá a Oifig an Phríomhoifigigh um Chomhlíontacht (OCCO) neamhspleách féin ag BEAF, a bhfuil Príomhoifigeach Comhlíontachta i gceannas uirthi a thuairiscíonn díreach chuig an Uachtarán, nó go bliantúil, de réir mar is gá, chuig an gCoiste Iniúchóireachta. Is é sainordú OCCO dea- rialachas a chur chun cinn agus a áirithiú go gcuirfear na caighdeáin is airde macántachta i bhfeidhm ar fud ghníomhaíochtaí uile BEAF i gcomhréir le dea- chleachtas idirnáisiúnta. Áirítear leis na freagrachtaí atá ar OCCO plé le saincheisteanna a bhaineann le dícheall chuí i gcúrsaí macántachta, le rúndacht, le coimbhleacht leasa, le rialachas corparáideach, le cuntasacht, le heitic, le sciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta a chomhrac, agus le bac a chur ar chleachtais chalaoiseacha agus éillitheacha. Tá OCCO freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí i ndáil le calaois, éillitheacht, agus mí- iompar. Cuireann sí oiliúint agus comhairle, de réir mar is gá, ar bhall foirne BEAF freisin a cheaptar mar stiúrthóirí do bhoird na gcuideachtaí a bhfuil leas cothromais ag BEAF iontu. Tá dícheall cuí i gcúrsaí macántachta comhtháite i ngnáth- fhormheas gnó nua ag BEAF agus san fhaireachán a dhéantar ar na hidirbhearta atá aige cheana. Foilsíonn BEAF tuarascáil frithéillithe OCCO ar a shuíomh gréasáin. Thairis sin, tá an fhreagracht shonrach ar OCCO as sásra neamhspleách BEAF um chuntasacht i ndáil le tionscadail ar sásra é lena ndéantar athbhreithniú ar shaincheisteanna a bhaineann le cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus trédhearcachta a ardaíonn daoine agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a ndéanann tionscadail difear dóibh. Eisíonn sí cinneadh, i gcás ina bhfuil sé riachtanach, maidir le cé acu ar ghníomhaigh BEAF i gcomhréir lena mbeartais ábhartha nuair a d'fhormheas sé tionscadal ar leith nó nár ghníomhaigh.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ²⁴	ó thíortha CSTE ²⁵	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí féideartha ²⁶	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
6	14 20 03 04 An Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha — Soláthar scaireanna láníochta de chaipiteal suibscríofa	Difreáilte	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	An cineál caiteachas	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	n/b	n/b				

²⁴ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

²⁵ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

²⁶ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	6
--	---------------	----------

Ard-Stiúrthóireacht: ECFIN			Bliain 2025²⁷	Bliain 2026	Bliain 2027	Bliain 2028	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí			2025	2026	2027	2028 ²⁸	2029 ²⁸			
14 20 03 04 ²⁹	Gealltanais	(1a)	121,020							121,020
	Íocaíochtaí	(2a)	24,204	24,204	24,204	24,204	24,204			121,020
Líne buiséid	Gealltanais	(1b)								
	Íocaíochtaí	(2b)								
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ³⁰										
Líne buiséid		(3)								

²⁷ Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a bhfuil coinne léi a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh le haghaidh na mblianta seo a leanas.

²⁸ Tá na himpleachtaí buiséadacha a d’fhéadfadh a bheith ann do na blianta iar- 2027 tascach agus cuirtear i láthair ar mhaithe le faisnéis amháin iad gan tosaíocht a bhaint den chomhaontú i ndáil leis an Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil iar- 2027.

²⁹ De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

³⁰ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indéach, taighde díreach.

IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS ECFIN	Gealltanais	=1a+1b +3	121,020							121,020
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3	24,204	24,204	24,204	24,204	24,204			121,020

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	121,020							121,020
	Íocaíochtaí	(5)	24,204	24,204	24,204	24,204	24,204			121,020
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)								
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	= 4+ 6	121,020							121,020
	Íocaíochtaí	= 5+ 6	24,204	24,204	24,204	24,204	24,204			121,020

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	121,020							121,020
	Íocaíochtaí	(5)	24,204	24,204	24,204	24,204	24,204			121,020
IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)								
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	= 4+ 6	121,020							121,020
	Íocaíochtaí	= 5+ 6	24,204	24,204	24,204	24,204	24,204			121,020

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	"Caiteachas riaracháin"
--	----------	-------------------------

Ba cheart an chuid seo a líonadh isteach ag úsáid na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis na rialacha inmheánacha i ndáil le cur chun feidhme roinn an Choimisiúin de bhuiséad ginearálta an Aontais), agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: <ECFIN>z							
• Acmhainní daonna							
• Caiteachas riaracháin eile							
IOMLÁN AS <ECFIN>	Leithreasuithe						

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)									
---	---	--	--	--	--	--	--	--	--	--

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2025 ³¹	Bliain 2026	Bliain 2027		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
--	--	------------------------------	----------------	----------------	--	---	--------

³¹ Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a bhfuil coinne léi a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh le haghaidh na mblianta seo a leanas.

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	2025	2026	2027	2028	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
--	------	------	------	------	---	--------

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas riaracháin eile								
Fo- iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7³⁴ den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo- iomlán Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN								
---------------	--	--	--	--	--	--	--	--

Cumhdófar na leithreasuithe a éilítear le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachais eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard- Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistiú na gníomhaíochta agus/nó atá ath- imlonnaithe laistigh den Ard- Stiúrthóireacht

³⁴ Cúnamh teicniúil agus/nó riaracháin agus caiteachas ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	2025	2026	2027	2028	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
• Poist le haghaidh an phlean bunaíochta (oifigigh agus baill foirne shealadacha)							
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)							
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)							
01 01 01 01 (Taighde indíreach)							
01 01 01 11 (Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) ³⁵							
20 02 01 (CA, SNE, INT ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)							
20 02 03 (CA, LA, SNE, INT agus JPD sna toscaireachtaí)							
XX 01 xx yy zz ³⁶	- sa cheanncheathrú						
	- i dtoscaireachtaí						
01 01 01 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)							
01 01 01 12 (CA, SNE, INT – taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
IOMLÁN							

06 an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna le foireann ón Ard- Stiúrthóireacht a sannadh do bhainistiú na gníomhaíochta cheana agus/nó atá ath- imlonnaithe laistigh den Ard- Stiúrthóireacht.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	.
Pearsanra seachtrach	

³⁵ AC= Baill Foirne ar Conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

³⁶ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☐ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).
- ☒ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.
- Lena chinneadh tráth a bhunófar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Dréachtbhuiséad 2025 agus faoi réir caibidlíochta idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.
- ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

3.3. **An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eilemá tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐